**Caingean arna tabhairt an 21 Aibreán 2022 – Procter & Gamble v EUIPO (Safeguard)**

**(Cás T-210/22)**

(2022/C 222/63)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* The Procter & Gamble Company (Cincinnati, Ohio, Stáit Aontaithe Mheiriceá) (ionadaí: M. Körner, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

**Sonraí na n-imeachtaí os comhair EUIPO**

*Trádmharc atá faoi cheist:* Iarratas ar mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh ina bhfuil an ghné focail Safeguard – Iarratas ar chlárú Uimh. 18 457 075

*Cinneadh atá faoi chonspóid*: Cinneadh ón gCúigiú Bord Achomhairc de EUIPO an 21 Feabhra 2022 i gcás R 1753/2021-5

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

— a ordú do EUIPO na costais a íoc.

**Saincheist dlí arna maíomh**

— Sárú ar Airteagal 7(1)(b) agus (c) mar aon le hAirteagal 7(2) de Rialachán (AE) 2017/1001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

**Caingean arna tabhairt an 22 Aibreán 2022 – Synesis v an Chomhairle**

**(Cás T-215/22)**

(2022/C 222/64)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Synesis TAA (Mionsc, an Bhealarúis) (ionadaithe: G. Lansky agus A. Egger, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— i gcomhréir le hAirteagal 263 CFAE, Cinneadh (CBES) 2022/307 ón gComhairle an 24 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh 2012/642/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis (IO L 46, lch. 97), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/300 ón gComhairle an 24 Feabhra 2022 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 8a de Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis (IO L 46, lch. 3), a mhéid a bhaineann leis an iarratasóir, a chur ar neamhní;

— a ordú don Chomhairle costais na n-imeachtaí a íoc, i gcomhréir le hAirteagal 134 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar fhoras i dtaca le neamhdhlíthiúlacht na ngníomhartha dlíthiúla atá faoi chonspóid, a mhéid a bhaineann siad léi, ardaíonn an t-iarratasóir saincheist dlí amháin, is é sin go ndearna an Chomhairle earráid fhollasach measúnaithe agus, go háirithe, gur mhainnigh sí ina duaglais maidir le fíorú. Níor thug an Chomhairle aon fhianaise nithiúil ar aird chun a léiriú gur go bailí a cuireadh ainm an iarratasóra ar an liosta sna gníomhartha dlíthiúla atá faoi chonspóid.

---

## Caingean arna tabhairt an 22 Aibreán 2022 – Shatrov v an Chomhairle

**(Cás T-216/22)**

(2022/C 222/65)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Alexander Evgenevich Shatrov (Mionsc, an Bhealarúis) (ionadaithe: G. Lansky agus A. Egger, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— i gcomhréir le hAirteagal 263 CFAE, Cinneadh (CBES) 2022/307 ón gComhairle an 24 Feabhra 2022 lena leasaítear Cinneadh 2012/642/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis (IO L 46, lch. 97), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/300 ón gComhairle an 24 Feabhra 2022 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 8a de Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis (IO L 46, lch. 3), a mhéid a bhaineann leis an iarratasóir, a chur ar neamhní;

— a ordú don Chomhairle costais na n-imeachtaí a íoc, i gcomhréir le hAirteagal 134 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar fhoras i dtaca le neamhdhlíthiúlacht na ngníomhartha dlíthiúla atá faoi chonspóid, a mhéid a bhaineann siad leis, ardaíonn an t-iarratasóir saincheist dlí amháin, is é sin go ndearna an Chomhairle earráid fhollasach measúnaithe agus, go háirithe, gur mhainnigh sí ina duaglais maidir le fíorú. Níor thug an Chomhairle aon fhianaise nithiúil ar aird, chun a léiriú gur go bailí a cuireadh ainm an iarratasóra ar an liosta sna gníomhartha dlíthiúla atá faoi chonspóid.

---

## Ordú na Cúirte Ginearálta (an Dara Dlísheomra) an 1 Aibreán 2022 – Classen Holz Kontor v EUIPO – Deutsche Steinzeug Cremer & Breuer (DRYTILE)

**(Cás T-307/21)** [1]

(2022/C 222/66)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

D’ordaigh Uachtarán an Dara Dlísheomra an cás a bhaint ón gclár.

[1] IO C 289 an 19.7.2021.

---